Uisce Truaillithe sa Ghaillimh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi uisce reatha truaillithe sa Ghaillimh. Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat ceangal na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

1. parasite	(a) córas séarachais
2. water supply	(b) in aice láimhe
3. it issued	(c) géarchéim
4. to boil water	(d) d'eisigh sé
5. advice	(e) soláthar uisce
6. close by	(f) eisilteach
7. emergency	(g) treoir
8. sewerage system	(h) comhairle
9. effluent	(i) uisce reatha
10. guidance	(j) paraisít
11. running water	(k) uisce a fhiuchadh

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
j										

Ceist 3 Féach ar an tuairisc don dara huair. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

1.Tá an eagla ann go bhfuil *E coli* san uisce i ndeisceart Chonamara. **Fíor/Bréagach**

2. Ní raibh uisce reatha ag muintir Inis Ní cúpla seachtain ó shin mar bhí *Cryptosporidium* san uisce. **Fíor/Bréagach**

3. Cuidíonn brú ar an chóras séarachais leis an uisce a choinneáil glan. **Fíor/Bréagach**

4. Níl a fhios ag na daoine áitiúil cén t-achar/ tréimhse ama a chaithfidh siad an t-uisce a fhiuchadh. **Fíor/Bréagach**

5. Níl le déanamh ag muintir na háite ach fanacht ar threoir ón Chomhairle Contae. **Fíor/Bréagach**

Ceist 4 ‘*an t-uisce a fhiuchadh’*

Cuir an fhoirm cheart den bhriathar atá idir lúibíní sna bearnaí seo:

1. Caithfidh mé m’obair bhaile a (déan) _____.
2. Dúirt an teagascóir liom na focail a (scríobh) _____ ar an chlár dubh.
3. Bhí sé ródheacair an fhuinneog a (dún) _____ mar bhí an ghaoth róláidir.
4. Beidh mé i lár na cathrach amárach leis an ghúna sin a (ceannaigh) _____.
5. Ná déan dearmad an t-arán crua ar an tábla a (caith) _____ amach inniu.
6. Caithfidh múid an teach a (glan) _____ sula dtiocfaidh na cuairteoirí.
7. Tá an t-airgead sin agam anois leis an leabhar sin a (faigh) _____.

Ceist 5 (a) Féach ar na focail/frásaí thíos, an féidir leat féin agus an duine in aice leat smaoineamh ar bhealach eile leis na focail chéanna a rá. Tá an chéad cheann déanta duit.

an uair seo	-	***an t-am seo***
ar ball	-	_____
ar fhaitíos	-	_____
chomh maith	-	_____
in aice láimhe	-	_____
cuid mhór daoine	-	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An ólann tusa uisce ón sconna i do theach féin?
Cad í an chúis leis an uisce truaillithe sa tír, dar leat?
An bhfuil meas ar bith ag muintir na hÉireann ar an nádúr/dúlra?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
j	***e***	***d***	***k***	***h***	***b***	***c***	***a***	***f***	***g***	***i***

Ceist 3
Fíor
Bréagach
Bréagach
Fíor
Fíor

Ceist 4

1. Caithfidh mé m'obair bhaile a **dhéanamh**.
2. Dúirt an teagascóir liom na focail a **scríobh** ar an chlár dubh.
3. Bhí sé ródheacair an fhuinneog a **dhúnadh** mar bhí an ghaoth róláidir.
4. Beidh mé i lár na cathrach amárach leis an ghúna sin a **cheannach.**
5. Ná déan dearmad an t-arán ar an tábla a **chaitheamh** amach inniu.
6. Caithfidh múid an teach a **ghlanadh** sula dtiocfaidh na cuairteoirí.
7. Tá an t-airgead sin agam anois leis an leabhar sin a **fháil**.

Ceist 5

an uair seo	-	***an t-am seo***
ar ball	-	***i gceann tamaill***
ar fhaitíos	-	***ar eagla***
chomh maith	-	***freisin/fosta***
in aice láimhe	-	***gar do/in aice/cóngarach***
cuid mhór daoine	-	***a lán daoine***

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Gan é bliain cheart fós ó truaillíodh uisce ar sheachtó míle duine i gContae agus i gCathair na Gaillimhe le *Cryptosporidium*. Tá an pharaisít ar ais arís, an uair seo i soláthar uisce Chloch na Rón, Iorras Beag agus Inis Ní. D'eisigh Comhairle Contae na Gaillimhe ráiteas ar ball, ag tabhairt fógra do dhaoine an t-uisce a fhiuchadh le haghaidh bia a ghlanadh agus le haghaidh fiacla a ghlanadh. Tugadh fógra ar dtús faoin uisce sa gceantar seo i ndeisceart Chonamara Dé hAoine seo caite, ar fhaitíos go raibh *E coli* ann freisin. Chuaigh oifigigh ón gComhairle ó dhoras go doras i rith an deireadh seachtaine ag tabhairt comhairle do dhaoine an t-uisce a fhiuchadh. Tá an scéal ag Ailbhe Ó Monacháin.

Ailbhe Ó Monacháin
Ní seo an chéad uair a bhí muintir na háite seo gan uisce ólacháin. I mí Mheán an Fhómhair bhí truailliú *E coli* i bhfoinse an uisce anseo chomh maith agus níl sé ach cúpla seachtain ó shin ó bhí muintir Inis Ní in aice láimhe anseo gan uisce reatha mar go raibh fadhb leis an phíopa sa cheantar sin.

Ó tharla an chéad ghéarchéim bhí ar mhuintir Chloch na Rón agus an cheantair máguaird uisce a cheannacht i mbuidéil agus lean cuid mhór daoine á dhéanamh seo fiú amháin nuair a bhí an baol oifigiúil imithe. Deir áitritheoir amháin nach gcuidíonn brú ar an chóras séarachais agus eisilteach feirme leis an uisce a choinneáil fíorghlan i Loch Oiriúlach anseo san áit a bhfuil an foinse.

Áitritheoir
Tháinig dhá oifigeach ón Chomhairle Contae ag an doras ag insint dúinn an t-uisce a fhiuchadh. Agus chuaigh siad ó theach go teach dá insint do chuile dhuine agus níl a fhios againn cén t-achar a bheidh orainn an t-uisce a fhiuchadh anois agus níl a fhios acu féin é go ndéanfaidh siad scrúduithe eile air. Agus tá sé ina chás, agus tá sé ag déanamh go leor trioblóide ar chuile dhuine mar má chaithfear dul agus na buidéil a cheannacht arís.

Ailbhe Ó Monacháin
Idir an dá linn níl mórán is féidir le muintir an cheantair anseo a dhéanamh ach fanacht le treoir a chinntiú ó Chomhairle Contae na Gaillimhe go bhfuil an t-uisce reatha as Loch Oiriúlach anseo ar mo chúl sábháilte le hól arís.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4, in aice le Cloch na Rón i gContae na Gaillimhe.